Réamhrá

1.1 Réamhfhocal

Eddie Wade, Cathaoirleach

Tá áthas orm mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Luimnigh fáilte a chur roimh an Plean Corparáideach seo, a leagann amach cuspóirí agus straitéisí corparáideacha don Chomhairle do na cúig bliana atá romhainn.

Tharla go leor athruithe i gComhairle Contae Luimnigh le saol an Phlean Chorparáidigh dheireanaigh le neadú nuastruchtúr daonlathacha agus feidhmiúcháin mar chuid den athchóirithe um Rialtas Áitiúil Feabhsaithe.

Ba léir le linn na tréimhse atá i gceist a éifeachtaí a bhí an Coiste Polasaí Straitéiseach i láidriú an daonlathais áitiúil, ó thaobh ionadaíochta agus rannpháirtíochta de agus fáiltítear roimh an meicníocht seo a thugann deis don phobal i gcoitinne ionchur a bheith acu i gcinnte polasaí a bhaineann leo féin.

Tá páirt mhór ag Comhairle Contae Luimnigh i bhforbairt an Chontae agus is léiriú ar seo é í a bheith ina gníomhaireacht cinnireachta ar an mBord Forbartha Contae. Ar na dúshláin a aithnítear sa Phlean seo tá an chaoi ina bhfeidhmeoidh an Chomhairle ina ról nua cinnireachta pobail agus aithnítear comhpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara mar rud atá bunúsach don phróiseas sin.

Níl aon amhras orm ach go ndéanfaidh an Chomhairle gach iarracht dul i gcomhairle le gach rannóg den phobal, agus go lorgóidh sí a gcomhoibriú, maidir le ceapadh agus feidhmiúchán a polasaithe le saolré an Phlean Chorparáidigh seo.

Ba mhaith liom aiheantas a thabhairt d'obair an Ghrúpa um Pholasaí Corparáideach a stiúirigh próiseas dréachtha an Phlean seo i gcomhair leis an mBainisteoir Contae agus ba mhaith liom moladh a thabhairt do gach aon duine a chuidigh leis an bpróiseas.

Tá mé ag tnúth le cur i bhfeidhm na físe straitéisí a chuirtear chun cinn sa Phlean seo a léiríonn leithne ár ról mar údarás nua-aoiseach áitiúil a dteastaíonn uainn feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do na daoine ar a bhfreastalaímid anois agus amach anseo.

Eddie Wade, Cathaoirleach

1.0



Edmond Gleeson, Bainisteoir Contae

Is é seo an tríú Plean Corparáideach a rinne Comhairle Contae Luimnigh agus clúdaíonn sé an tréimhse 2004 – 2009. Is aidhm dó leanúint den bpróiseas pleanála gnó a tugadh isteach sa seirbhís phoiblí le cur ar bun na Bainistíochta Straitéisí i 1997 agus leagann sé creatlach gníomhaíochta amach don Chomhairle go ceann cúig bliana eile.

Is cuid dílis den ghnó seo Comhairle Contae Luimnigh anois an phleanáil straitéiseach a léiríonn an páirt mhór atá ag an gComhairle i saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus pobail mhuintir an Chontae.

Leagann an Plean seo amach méid áirithe bunchuspóirí a chuireann comhbhéim ar ár ról nua maidir le cuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht pobail agus caighdeán beatha agus ar na seirbhísí traidisiúnta mar Thithíocht, Iompar, Uisce, Comhshaol agus Pleanáil a chuireamar ar fáil riamh anall.

Beidh an-tábhacht ag baint le soláthar na n-acmhainní riachtanacha má táthar le cuspóirí an Phlean mar a leagtar amach anseo iad a chur i bhfeidhm agus maidir leis seo táim ag tnúth le torthaí an athbhreithnithe Rialtais ar mhaoiniú an rialtais áitiúil. Ní mór d'aon athbhreithniú dá shórt ceann a thógáil den méadú atá tagtha ar chúramaí an rialtais áitiúil chomh maith leis an bhfeabhsú lena bhfuil súil ag an bpobal ar na seirbhísí le freastal ar thosaíochtaí aitheanta áitiúla.

Tá a fhios agam go mbeidh ar fhoireann Comhairle Contae Luimnigh obair mhór a chur isteach le linn saolré an Phlean seo, i dtimpeallacht ina bhfuil srianta ar earcaíocht agus ina bhfuil ardbhéim ar mheasúnú feidhmiúcháin agus bainistíochta. Meastar sa Phlean go mbeidh roinnt dúshlán ann agus aghaidh á tabhairt ar na cuspóirí corparáideacha a chuirfeadh moill ar dhul chun cinn nó a d'athródh aird na Comhairle agus tá beartaithe agam mar sin próiseas leanúnach monatóireachta agus athbhreithnithe a chur i bhfeidhm le linn saolré an Phlean.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Baill, leis an bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara ar fad as ucht a n-ioncur sa phróiseas fada comhairleoireachta as a d'eascair an Plean Corparáideach seo agus is fada liom go leanfar de rannpháirtíocht ó gach cuid den phobal agus é á chur i bhfeidhm.

Beidh sé ina thosaíocht ag an eagraíocht seo a chinntiú go gcaitear leis an fhoireann agus leis na Comhairleoirí ar fad go comhionannach agus le dínit sa láthair oibre i gcónaí.

Ned Gleeson, Bainisteoir Contae

Seirbhisi Uisce LEATHAN 36

1.0

1.2 Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2001-2004

I rith saolré an Phlean Chorparáidigh dheireanaigh, a mhair ó 2001 – 2004, baineadh go leor amach i leith cúig aidhm ardleibhéal corparáideach a dhírigh ar:

- Feabhas ar Sheachadadh Seirbhísí
- Éifeacht agus Éifeachtúlacht
- Cumarsáid Feabhsaithe
- Forbairt Inbhuanaithe
- Rialachas Áitiúil

Léirigh na cuspóirí seo, a bheag nó a mhór, bunphrionsabail an chláir athchóirithe um Rialtas Áitiúil Feabhsaithe a bhí á chur i gcrích nuair a bhí an Plean Corparáideach deireanach á réiteach, agus tá prionsabal na forbartha inbhuanaithe lárnach do pholasaithe uile an Rialtais. Anois agus Rialtas Áitiúil Feabhsaithe i bhfeidhm go hiomlán meastar na cuspóirí agus na luachanna thuas ina gcuid dílis de ghníomhaíochtaí uile na Comhairle agus í i mbun a cuid oibre. Is trí fheidhmiú éifeachtach na gcúig Coistí Straitéiseacha Polasaí go háirithe a baineadh amach an cuspóir go gcuirfí Comhairle Contae Luimnigh chun cinn mar chroí-aonad rialachais áitiúil.

Ag féachaint dúinn ar an dul chun cinn a déanadh i bhfrithshuíomh leis an bPlean Corparáideach deireanach, ní mór é sin a dhéanamh i gcomhthéacs an rabharta gníomhaíochta a tháinig ar réimse leathan de sheirbhísí na Comhairle, de thoradh ar an mborradh eacnamaíochta. Agus easpa achmhainní breise le freagairt don méadú gníomhaíochta a chur san áireamh, síleann Comhairle Contae Luimnigh gur éirigh léi caighdeán sásúil seachadadh a chothú ar a príomhsheirbhísí ar fad.

Meastar gurb iad seo a leanas buachphointí na gceithre bliana atá imithe tharainn:

CEANNCHEATHRÚ NUA AGUS CLÁR CÓIRÍOCHTA OIFIGE

Leanadh de chlár uaillmhianach forbartha oifige le linn na tréimhse seo agus bhí deireadh ré ann i 2003 nuair a d'fhág Comhairle Contae Luimnigh lár na cathrach, áit a rabhadar le breis agus céad bliain, le cur fúthu i gceanncheathrú úrnua i dTuar an Daill, Contae Luimnigh. Meascán éifeachtúil atá i Halla an Chontae d'ailtireacht a bhfuil duaiseanna buaite aici agus dearadh a shábhálfaidh fuinneamh. Is mór an feabhas é mar láthair oibre do na baill tofa agus don fhoireann araon agus chomh maith leis sin leis an gcumas le freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. I 2004 déanadh dul chun cinn leis an aidhm gréasán nua-aoiseach d'oifigí a chur ar fáil do chustaiméirí agus don fhoireann nuair a deineadh próiseáil breise ar phleananna méadaithe ag an gceanncheathrú i dTuar an Daill agus le feabhsuithe sna hOifigí Ceantair i Ráth Caola agus i gCill Mocheallóg.

TOGHCHÁIN ÁITIÚLA

Ar an 11ú Meitheamh 2004 tionóladh toghchán a chuir athrú suntasach ar bhallraíocht Chomhairle Contae Luimnigh. De bharr toradh an toghcháin agus deireadh a theacht leis an démhandáid i 2003 chuaigh 10 mball nua i mbun oifige ag an gCruinniú Bliantúil ar an 25ú Meitheamh, 2004.

INFRASTRUCHTÚR

Leanadh le dul chun cinn i mórthionscnaimh infrastruchtúir i rith tréimhse an Phlean dheireanaigh. Bhí tábhacht ar leith ag baint le hoscailt an Débhealaigh ó Thobar Phádraig go Luimneach, Cuarbhóthar Theas Luimnigh Céim I agus Seachród Cromadh. Tugadh Cuarbhóthar Luimnigh Theas Cuid II agus an N7 ó

1.0

Luimneach go dtí An tAonach go staid an OCÉ. Deineadh dearadh don N24 don scéim ó Phailís Gréine go dtí an Bháinseach, don N20 ó Mhala go Cromadh agus do Sheachród Átha Dara ar an N21. Deineadh mórchuid feabhsaithe agus neartaithe pábhála ar fud an Chontae. Sna Seirbhísí Uisce déanadh coimisiúnú ar an gCóras Séarachais uasghrádaithe i gCaisleán Uí Chonaill agus ar an bhFearas Cóirithe Séarachais nua i bhFeadamair. Críochnaíodh freisin na hOibreacha Sibhialta don chóras Séarachais i gCróch. I mBruachbhailte na Cathrach bhí Príomhscéim Draenála Luimnigh ina phríomhlíne chuig an bhfearas nua cóireála i mBun Leice agus ag an am céanna críochnaíodh eilimintí móra den phríomhphíopa ar an gclár don Chuar Theas. Chomh maith lena clár mór caipitil rinne an Chomhairle infheistíocht substaintiúil i gCaomhnú Uisce rud a raibh laghdú mór ar úsáid uisce mar thoradh air.

Tháinig leathnú ar an gclár Comhsaoil sna ceithre bliana seo caite agus cuireadh le gréasán na láthair beir leat ar fud an Chontae agus cuireadh dhá Láthair Áiseanna Cathartha nua i gCill Mocheallóg agus sa Chaisleán Nua Thiar. Sa tréimhse seo freisin a tosaíodh ar phróiseas méadaithe an líonta talún i nGort an Droma agus i 2004 tosaíodh ar athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Réigiúnach Dramhaíola.

FORBAIRT SNA BAILTE AGUS SNA SRÁIDBHAILTE

Dhein an Chomhairle raon de leasuithe ar mhionscéimeanna éagsula uisce agus séarachais ar fud an chontae faoina Clár um Mhionscéimeanna Caipitil; bhain go leor acu seo le méadú a n-achmhainne. Sheol an Chomhairle freisin a Tionscnamh um Bailte Beaga agus Shráidbhailte le freastal ar chur chuige páirtnéireachta forbróirí leis na laigí in Infrastruchtúr na Seirbhísí Uisce i mbailte agus i sráidbhailte áirithe a shárú. I réimse na ngrúpscéimeanna uisce, lean an Chomhairle do bheith ag tabhairt tacaíochta do iarrachtaí na bpobal áitiúla le scéimeanna uisce pobalriartha a sholáthar.

Críochnaíodh scéim athnuachana uirbeach i Mainistir na Féile i 2003 agus tosaíodh ar scéim nua i lár an bhaile i gCromadh.

STRAITÉIS AN BHORD FORBARTHA CONTAE

Foilsíodh 'Ag Obair le Chéile do Thodhchaí Níos Fearr' i 2002, straitéis deich mbliana ina leagtar amach creatlach do fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta, agus cultúrtha an Chontae go dtí 2011. Bhí páirt lárnach ag Comhairle Contae Luimnigh in ullmhú na Straitéise agus mar ghníomhaireacht cinnireachta ar an mBord Forbartha Contae tá ról bunúsach aici i bhfeidhmiúchán na Straitéise agus le baint amach físe mar a leanas don Chontae:

"Contae Luimnigh a bheith ina háit tarraingteach oibre agus cónaithe ina mbeidh rochtain ar sheirbhísí d'ardchaighdeán mar a mbeidh an pobal agus lucht soláthar seirbhísí i bpáirt lena chéile dírithe ar ardchaighdeán beatha a áisiú."

AN EARNÁIL PHOBAIL AGUS DEONACH

Bunaíodh an Fóram Pobail agus Deonach Contae i 2001 agus is tríd sin a théann Comhairle Contae Luimnigh agus an BFC araon i gcomhairle leis an bpobal trí chéile agus leis an earnáil deonach.

Is é Ráiteas Misean an Fhóraim "tuairimí an phobail agus na ngrúpaí deonacha a chur in iúl trí éifeacht a bheith aige ar dhéanamh polasaí agus cinnte chun leasa mhuintir Chontae Luimnigh trí chumarsáid agus chomhairleoireacht éifeachtach idir an Bord

1.0

Forbartha Contae, Coistí Polasaí Straitéiseacha, Coistí Ceantair, comhlachtaí eile ábharacha, an fóram seo agus go háirithe grúpaí áitiúla pobail agus deonacha."

TITHÍOCHT

Le linn saolré na straitéise corpartha deireanaí déanadh forbairtí suntasacha maidir le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainn ag an gComhairle. Orthu seo bhí glacadh le Straitéis Tithíochta, athbhreithniú ar an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil agus ullmhú agus baint amach faomhadh roinne do Phlean Gníomhaíochta Tithíochta 2004-2008. Cuireadh seirbhís faoi leith ar bun dóibh siúd atá gan dídean agus tá tithíocht inacmhainn á cur ar fáil anois. Tháinig méadú 30% ar stoc tithíochta na Comhairle agus tugadh faoi mhórchlár athchóirithe ar thithe atá ann cheana féin.

STRAITÉIS EOLAIS AGUS CUMARSÁIDE

Cuireadh feabhas ar infrastruchtúr T.E. Rud a chumasaigh córais eile, leithéidí C.E.G. Bainistíocht Caipéisí, Inlíon, Idirlíon srl. Ní hé amháin go ndearna seo áis don fhoireann i mbun a gcuid oibre ach trí na seirbhísí seo a chur ar fáil do na Comhairleoirí, do oifigí i bhfad ó bhaile agus ag ionaid seirbhíse chustaiméirí sa ghréasánde oifigí ceantair cuireadh feabhas mór ar chumarsáid agus ar rochtain ar sheirbhísí. Rud eile de, bhí fáil anois ar fhoirmeacha agus ar réimse leathan eolais ar shuíomh idirlín na Comhairle.

POLASAITHE AD AGUS TACAÍOCHT FOIRNE

Le linn an Phlean Corparáidigh dheireanaigh cuireadh struchúir chuimsitheacha i bhfeidhm a thabharfadh cothromaíocht níos fearr saoil/saothair don fhoireann. Tá cúnamh tugtha freisin ag an Roinn AD ar bhainistíocht an athruithe ag teacht le Rialtas Áitiúil Feabhsaithe, an Comhaontas Náisiúnta (Dul Chun Cinn Inbhuanaithe) agus Comhaontaithe Áitiúla i bpáirtnéireacht le hionadaithe foirne. Déanadh forbairt agus cuireadh i bhfeidhm na polasaithe seo a leanas um Achmhainní Daonna:- Tacaíocht Foirne, Traenáil & Forbairt, Comhionannas/Míchumas, Cothromaíocht Saoil/Saothair, Gearán & Disciplín agus Cód Eitice agus Iompair.

CÓRAS RIARACHÁN AIRGEADAIS

Tugadh isteach an córas bainistíochta airgeadais Agresso ina iomláine agus bhog an Chomhairle go córas lánfhabhruithe cuntasaíochta. Tá clár comhardaithe a tháirgeadh agus aithint agus luacháil na sócmhainní uile tar éis cur go mór le héifeacht agus le héifeachtúlacht.

1.0

1.3 Mar a Ullmhaíodh an Plean Corparáideach 2004-2009

Agus an Plean á tháirgeadh thóg Comhairle Contae Luimnigh ceann de riachtanais reachtúla Acht Rialtais Áitiuil 2001, maidir le leagan amach, ábhar, agus próiseas chomh maith leis na ciorcláin agus na doiciméidí ábharacha treoracha a d'eisigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Beidh an Plean Corparáideach ina chreatlach treorach agus sraith pleananna feidhmiúcháin bliantúla á réiteach agus á gcur i bhfeidhm do gach Stiúrthóireacht i rith saolré an Phlean. Bailchríoch is ea é ar phróiseas fairsing comhairleoireachta, inmheánach agus seachtrach, leis na páirtithe leasmhara ábharacha ar fad agus is léiriú mar sin é ar an bhfís atá ag na baill tofa, ag an bhfoireann, ag na gníomhaireachtaí páirtnéireachta, agus ag na comhlachtaí atá i mbun seirbhísí áitiúla a chur ar fáil chomh maith leis an earnáil phobail agus deonach i gcoitinne.

Is é an Grúpa Polasaí Corparáideach a rinne stiúradh ar an bpróiseas ar bhonn dréachtchreatlaigh agus sceidil chomhairleoireachta a d'fhaomhaigh an Chomhairle iomlán.

Bhí an múnla a úsáideadh don phróiséas comhairleoireachta leis an bhfoireann bunaithe ar sciar trasnach den eagraíocht, le foireann ó ghrádanna, ó dhisciplíní agus ó ranna éagsúla a chas ar a chéile go rialta i gcaitheamh an phróisis. Lena hais sin déanadh teagmháil tríd an inlíon leis an bhfoireann oifigbhunaithe uile agus ag líon áirithe clinicí in oifigí ceantair do fhostaithe allamuigh.

Agus comhairleoireacht seachtrach ar bun cuireadh cóipeanna den dréachtphlean chuig baill na ngrúpaí seo a leanas:

- Coistí Polasaí Straitéiseacha (CPS)
- Bord Forbartha Contae Luimnigh (BFCL)
- An Grúpa Oibre um Chuimsiú Sóisialta (CS)
- An Fóram Pobail agus Deonach Contae
- Páirtnéireacht na Láithreach Oibre

Déanadh cur i láthair freisin ag cruinnithe an CPS, CS agus BFCL, a bhfuil ionadaíocht acu ar fad san earnáil phobail agus deonach.

Ullmhaíodh an Plean seo le fócas láidir ar fheidhmeanna traidisiúnta na Comhairle agus é mar aidhm aige go leanfadh na seirbhísi riachtanacha a bhfuil freagracht ar an gComhairle astu in oiriúint do riachtanais agus mianta na glúine seo agus na glúine atá le teacht. Tuigeann Comhairle Contae Luimnigh, áfach, a ról nua agus a freagracht ó thaobh cur chun cinn na cuimsitheachta, caighdeáin mhaith beatha agus gníomhaíochtaí agus rannpháirtíochta pobail agus tá a cuspóirí maidir leis seo áirithe sa Phlean.

Ullmhaíodh an Plean seo i gcomhthéacs na straitéisí sna Pleananna eile ar fad atá ann agus maidir leis seo tá an ráiteas agus na haidhmeanna misin ag teacht go cruinn leosan atá ina Straitéis ag an mBord Forbartha Contae agus sa Phlean Forbartha Contae atá á ndréachtadh faoi láthair.